**RABHADH**
**Caithfear an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

**DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH 2013 – MAIDIN 9.30 - 12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL
**(320 marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid 1 agus **ceithre** cheist as Cuid 2.
Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid 1.

## CUID 1 (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (8 marc)

## CUID 2 (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh freagraí Chuid 2 ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I gCUID 2 A FHREAGAIRT.**

## CUID 1 (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc

**1.** Luaigh **dhá** thoisc a chuirfeadh tomhaltóir san áireamh agus é/í ag ceannach táirgí bia talmhaíochta:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**2**. Cuir ciorcal thart ar na focail **chearta** san abairt seo.

*Deir Dlí Engel* ***go dtiteann / nach n-athraíonn*** ***an chomhréir / an méid*** *d'ioncam daoine a chaitear ar bhia de réir mar a mhéadaíonn an t-ioncam le himeacht aimsire.*

**3**. Luaigh sampla **amháin** de cháin dhíreach agus sampla **amháin** de cháin indíreach a mbeifí ag súil leis go n-íocfadh feirmeoir mór déiríochta iad i mbliain thipiciúil dá mbeadh 100 bó bhainne aige:

(i) Cáin Dhíreach: ______________________________

(ii) Cáin Indíreach: ______________________________

**4**. Luaigh **dhá** thoisc a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar sholáthar an mhargaidh de chruithneacht i mbliain áirithe:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**5**. Cuir in iúl le ciorcal thart ar A, B nó C cé acu ceann de na ráitis seo a leanas atá ceart.

***Nuair a athraíonn cuar éileamh an mhargaidh ar phrátaí ar dheis, ciallaíonn sé*:**

A. go bhfuil éileamh ar níos mó prátaí ar mhargadhphraghas áirithe.

B. go bhfuil éileamh ar níos lú prátaí ar mhargadhphraghas áirithe.

C. go bhfuil éileamh ar an líon céanna prátaí ar mhargadhphraghas níos ísle.

**6**. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach d'fheirmeoir cuntais feirme a choinneáil:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

7. De réir an Bheochláir i nDeireadh Fómhair 2012, bhí timpeall an líon seo daoine dífhostaithe in Éirinn: [cuir tic ( ✓ ) i **gceann amháin** de na boscaí seo a leanas]

(i) 300,000 ☐ (ii) 420, 000 ☐ (iii) 580,000 ☐

8. Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhféadfadh difear a bheith idir an t-ioncam ó fheirm theaghlaigh agus ioncam an teaghlaigh feirme.

________________________________________

________________________________________

9. Mínigh cén fáth a bhféadfaí amharc ar fheirmeoir mar dhuine atá 'saibhir ó thaobh sócmhainní de agus bocht ó thaobh ioncaim de'.

________________________________________

________________________________________

10. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi a bhféadfadh feirmeoir, a bhfuil beostoc measctha (ba, eallach agus caoirigh) aige, éagsúlú a dhéanamh ar an bhfeirm.

________________________________________

________________________________________

11. Ba é líon na mbó déiríochta in Éirinn i Meitheamh 2012 ná: [cuir tic ( ✓ ) i g**ceann amháin** de na boscaí seo a leanas]

(i) 1.12 milliún ☐ (ii) 2.11 milliún ☐ (iii) 21.1 milliún ☐

12. Sa lá atá inniu ann i ngeilleagar tipiciúil de chuid an iarthair, cén céatadán, a bheag nó a mhór, den OTI (*GDP*) í an táirgeacht talmhaíochta? [Cuir tic ( ✓ ) i g**ceann amháin** de na boscaí seo.]

(i) 33% ☐ (ii) 13% ☐ (iii) 3% ☐

13. Luaigh **dhá** chúis leis an méadú ginearálta ar phraghsanna bia le roinnt blianta anuas:


(i) ____________________________________

(ii) ____________________________________

14. Glac leis gurb é + 0.6 ioncamleaisteachas an éilimh (YED) ar cháis. Ciallaíonn sé sin go dtiocfadh **<u>méadú / laghdú</u>** ________ % ar chainníocht na cáise a d'éileofaí dá dtiocfadh méadú 10% ar an ioncam.

Líon an bhearna **agus** cuir ciorcal thart ar an bhfocal **ceart**.

**15**. Líon isteach an **dá** bhosca fholmha, A agus B, sa léaráid ina léirítear córas margaidh simplí.




**16**. Luaigh **dhá** chuspóir de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) mar atá leagtha amach in Airteagal 39 de Chonradh na Róimhe:

(i) ________________________________________

(ii) ________________________________________

**17**. Líon isteach A agus B thíos chun biashlabhra an tsoláthair cháise a chomhlánú:

Ionchuir Cheannaithe + Acmhainní na bhfeirmeoirí féin → **A** + Próiseáil + **B** → Tomhaltóir Deiridh

**A** = ____________________ **B** = ____________________

**18**. Is féidir le feirmeoirí caipiteal a chruinniú ó fhoinsí difriúla. Luaigh **dhá** cheann de na foinsí seo:

(i) ________________________________________

(ii) ________________________________________

**19**. Mínigh cén fáth a mbíonn cuar an éilimh ar tháirgeacht bhainne an ghnáthfheirmeora déiríochta in Éirinn cothrománach.

________________________________________

________________________________________

**20**. Mínigh cén fáth ar chóir go mbeadh sé ina bhuntáiste d'easpórtálacha agraibhia as Éirinn go dtí an Ríocht Aontaithe luach an euro i gcoinne an phuint steirling a bheith ag titim.

________________________________________

________________________________________

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (BH)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I GCUID 2 A FHREAGAIRT.**

## CUID 2 (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid 2 ar an gceistpháipéar seo.

**1.** Sa tábla thíos taispeántar sceidil soláthair agus éilimh an ime ar mhargadh áirithe.

| **Praghas (€ an tona)** | **Cainníocht á soláthar (ina milliún tona)** | **Cainníocht á héileamh (ina milliún tona)** |
|---|---|---|
| 3,000 | 15 | 45 |
| 4,000 | 20 | 35 |
| 5,000 | 25 | 25 |
| 6,000 | 30 | 15 |
| 7,000 | 35 | 5 |

**(a)** Ag baint úsáide as na sonraí sa tábla duit:

(i) Tarraing léaráid chothromaíochta an mhargaidh agus lipéadaigh an dá ais chomh maith le cuar an Éilimh agus le cuar an tSoláthair.

(ii) Taispeáin praghas agus cainníocht chothromaíochta an mhargaidh **agus** mínigh céard a chiallaíonn an chothromaíocht seo.

**(b)** Tarraing cuar nua soláthair i do léaráid a thaispeánfaidh **titim an tsoláthair**. Tiocfaidh cothromaíocht nua chun cinn agus ba chóir go mbeadh sí a bheith éagsúil leis an gcothromaíocht ar chuir tú síos uirthi i gcuid **(a)** (ii) thuas. Mínigh cén chomparáid atá idir an praghas nua cothromaíochta seo agus an chainníocht nua chothromaíochta, agus na cinn bhunaidh.

**[50 marc]**

**2.** **(a)** Mínigh an téarma 'Córas Cuótaí' i gcúrsaí talmhaíochta na hÉireann **agus** luaigh cén earnáil de thalmhaíocht na hÉireann a raibh tionchar díreach ag córas na gcuótaí uirthi.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar céard is dóigh leat a tharlóidh i gcúrsaí talmhaíochta na hÉireann nuair a chuirfear deireadh le córas na gcuótaí in 2015.


**(c)** Tá níos mó ná an fheirmeoireacht i gceist le hearnáil agraibhia na hÉireann.

(i) Luaigh **dhá** chomhlacht nó eagraíocht atá rannpháirteach in earnáil an agraibhia.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a gcuireann earnáil an agraibhia le geilleagar na hÉireann.

**[50 marc]**

**3.** Taispeánann an cháirt thíos an cuar lántáirgeachta [CLT] (*TPC* i mBéarla) a léiríonn an coibhneas idir an táirgeadh de Bharr Y ina chileagraim in aghaidh an heicteáir agus Leasachán X ina chileagraim in aghaidh an mhéadair chearnaigh (ionchur) ar fheirm Sheáin.




**(a)** Mínigh an ghluaiseacht ó phointe A go pointe B sa léaráid thuas.

**(b)** Is féidir ionchuir a rangú mar *ionchuir thosca* agus mar *ionchuir idirmheánacha*. Déan idirdhealú idir an dá chineál ionchuir seo agus tabhair sampla **amháin** de gach ceann acu i gcomhthéacs feirmeoireachta.

**(c)** Cuir in iúl céard a tharlódh don CLT dá bhfásfadh an feirmeoir, Seán, cineál eile de Bharr Y a mbeadh táirgeadh níos mó le fáil uaidh. Mínigh do fhreagra.

**[50 marc]**

**4.** Tógadh na sonraí seo a leanas as Clár Comhardaithe Shiobhán, feirmeoir, ar 31 Nollaig 2012.

| **Sócmhainní (€'000)** | | **Fiachais (€'000)** | |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 500 | Fiachais Fhadtréimhseacha | 150 |
| | | | |
| Sócmhainní Reatha | 200 | Fiachais Reatha | 150 |
| *Comhdhéanta de:*<br>*Sócmhainní Leachtacha* | *?* | | |
| *Sócmhainní Neamhleachtacha* | *50* | Glanfhiúchas | ? |
| **Iomlán na Sócmhainní** | 700 | **Iomlán na bhFiachas** | 700 |

**(a)** Luaigh sampla **amháin** de **gach ceann** díobh seo a leanas:


(i) Sócmhainn Sheasta (ii) Sócmhainn Reatha
(iii) Fiachas fadtréimhseach (iv) Fiachas reatha.

**(b)** Ríomh glanfhiúchas fheirm Shiobhán (taispeáin do chuid oibre) agus mínigh an figiúr seo.

**(c)** Ríomh cóimheas leachtachta fheirm Shiobhán (taispeáin do chuid oibre).
Céard a chiallaíonn an figiúr seo **agus** an gceapfá go bhfuil an figiúr a ríomh tú sásúil?

**[50 marc]**

**5.** Léiríonn an graf thíos an meánioncam bliantúil ó fheirm theaghlaigh agus meántuilleamh oibrí in earnáil na tionsclaíochta gach bliain ó 2004 go 2012.




**(a)** Bunaithe ar an ngraf thuas, mínigh go hachomair an chomparáid idir an meánioncam ó fheirm theaghlaigh agus meántuilleamh oibrí tionsclaíochta le linn na tréimhse ina iomláine i dtéarmaí:

(i) Leibhéal an ioncaim
(ii) Luaineacht an ioncaim bhliantúil.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca a mhíníonn iad seo:

(i) An méadú ar ioncaim feirme in 2010/11
(ii) An laghdú ar ioncaim feirme in 2012.

**[50 marc]**

**6.** **(a)** (i) Mínigh an téarma 'Aoníocaíocht Feirme' mar a fheidhmíonn sí faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CAP).

(ii) Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil an Aoníocaíocht Feirme ann.

**(b)** Luaigh **dhá** ghrúpa stocaireachta nó sainleasa a fheidhmíonn ar son fheirmeoirí na hÉireann.

**(c)** Roghnaigh ceann **amháin** de na grúpaí atá luaite agat in **(b)** thuas **agus** tabhair breac-chuntas ar **cheithre** shlí a mbíonn tionchar ag an ngrúpa sin ar pholasaí talmhaíochta thar ceann a chuid ball.

**[50 marc]**

Leathanach Bán